Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10361/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0097(CNS)**

**FISC 112**
**ECOFIN 674**
**COVID-19 294**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9995/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7749/21 - COM (2021) 181 final |
| Ábhar: | Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, i leith bearta Aontais atá ar mhaithe le leas an phobail<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Aibreán 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, i leith bearta Aontais atá ar mhaithe le leas an phobail (an togra 'ceannaigh agus deonaigh' mar a thugtar air)[1].

2. Is é is aidhm don togra seo tacú le bearta arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le leas an phobail, go háirithe i gcás ina bhfuil an tAontas ag gníomhú chun sainordú a fhorghníomhú chun earraí agus seirbhísí a cheannach lena ndáileadh saor in aisce ar na Ballstáit de réir na riachtanas éigeandála atá acu.

[1] 7749/21.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an seisiún iomlánach a bhí aige, an 27 Aibreán 2021[2]. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 18 Bealtaine 2021[3].

## II. AN PLÉ A RINNE AN CHOMHAIRLE

4. Tar éis an phlé i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, cuireadh an comhad faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe an 9 Meitheamh 2021 agus faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 18 Meitheamh 2021 le haghaidh díospóireacht bheartais[4]. Léiríodh sa díospóireacht go bhfuil na Ballstáit toilteanach raon feidhme an togra a laghdú go dtí éigeandáil COVID-19 agus an deimhniú díolúine leictreonach a scriosadh ón togra, ionas go mbeifear in ann an dréacht-Treoir a ghlacadh go pras.

5. An 30 Meitheamh 2021, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht in 9995/21 (+ REV 1 (FI)), faoi réir a athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe. D'eisigh an Coimisiún ráiteas atá le cur isteach i miontuairiscí Coreper agus na Comhairle[5].

## III. AN BEALACH CHUN CINN

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an téacs in 10114/21 (mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air) a ghlacadh mar mhír 'A' ag an gcruinniú a bheidh aici an 13 Iúil 2021.

---

[2] ECO/554-EESC-2021-02040.
[3] P9_TA(2021)0228.
[4] 9427/21.
[5] 9995/21 ADD 1.